# Riarthóir Cumarsáide / Preasa

## Conradh Buan

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais ar an bpost **Riarthóir Cumarsáide/ Preasa** ar bhonn buan. Beidh an té a cheapfar lonnaithe i gCeannáras TG4 i nGaeltacht na Gaillimhe agus freagrach don Bhainisteoir Cumarsáide.

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Is corparáid phoiblí chraolacháin é TG4 faoin Acht Craolacháin, 2009 a bhunaigh an Rialtas agus atá á maoiniú ag an Rialtas.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu.

**An Ról**

Beidh ról lárnach ag an té a cheapfar ag tacú le hobair na Rannóige Cumarsáide in TG4, ag déanamh poiblíochta agus ag mealladh lucht féachana chuig ábhar TG4. Is ról é seo do dhuine atá paiseanta faoi eolas faoi chláir agus branda TG4 a scaipeadh i measc an phobail.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Eolas cumarsáide agus ábhar poiblíochta a bhailiú agus a chur in oiriúint.
- Eolas poiblíochta a scaipeadh ar lucht preasa, ar ardáin dhigiteacha, ar thionchóirí, ar na meáin agus eile.
- Ábhar a scríobh, a cheartú, a aistriú agus a phrofáil.
- Cuidiú ócáidí agus feachtais chumarsáide a eagrú.
- Cuidiú leis an bhfoireann cumarsáide preasráitis a scríobh agus a eisiúint.
- Cuidiú le bunachair sonraí a choinneáil suas chun dáta.
- Ábhar agus eolas a roinnt leis na meáin.
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an bainisteoir nó stiúrthóir na rannóige bunaithe ar riachtanais an ghnó.
- Cuidiú le hábhar a fhoilsiú ar na meáin shóisialta ó am go chéile.

*Tabhair ar aird: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú. Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.
- Ardscileanna cumarsáide agus taithí ar bheith ag plé leis an bpobal
- Fócas dearfach agus cumas maith foirne

- Sár-thuiscint ar na meáin shóisialta agus ar na hardáin dhigiteacha agus an fheidhm atá leo i gcomhthéacs preasa agus poiblíochta
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ard-tuiscint ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).
- Taithí ar Chóipscríbhneoireacht agus ar Cheannlínte a scríobh - i nGaeilge agus i mBéarla
- Taithí ar phreasráitis a scríobh.
- Taithí mhaith ar obair thaighde a dhéanamh agus ar theagmhálacha a aimsiú.
- Taithí ar bheith ag obair le formáidí éagsúla ó thaobh íomhánna de.
- Ábalta feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

Sa gCeannáras i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe atá an post seo. Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

**4pm Dé hAoine an 31ú Iúil 2026** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol do CV mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

**<u>Eolas Breise don Iarratasóir</u>**

**Grád an Phoist:**

Grád 5

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist agus an earnáil teilifíse, táthar ag súil go mbeifeá solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal in Éirinn agus thar lear i gceist ó am go chéile mar chuid den ról.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d’Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |